



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht 2023

**Aistriúchán
Ar Scéim Mharcála**

Oideachas Reiligiúnach

Ardleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh. Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis foilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í. Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Réamhrá Ginearálta

Tá measúnú an Oideachais Reiligiúnaigh ag Ardleibhéal na hArdteistiméireachta bunaithe ar na haidhmeanna, cuspóirí agus torthaí i ngach roinne de shiollabas an Oideachais Reiligiúnaigh na hArdteistiméireachta foilsithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna i 2003. Nuair a ghrádaítear marc sa scéim mharcála scrúdaithe, bronnar marc ar fhreagra an iarrthóra laistigh de raon ó shármhaith go an-mhaith, maith, réasúnta, lag, an-lag nó gan aon ghrád. In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil an t-eolas agus na smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh. Caithfidh gur úsáideadh focail, nathanna cainte nó frásaí sa chomhthéacs ceart agus nár tháinig siad salach ar a chéile, agus más léir nár úsáideadh i gceart iad nó gur tháinig siad salach ar a chéile, ní cheart na marcanna a bhronnadh. Níl na tuairiscí, sainmhínithe agus pointí a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile. Más rud é go bhfuil tú neamhchinnte faoi bhailíocht freagra mhalartaigh, téigh i gcomhairle le do Scrúdaitheoir Comhairleach.

Oideachas Reiligiúnach na hArdteistiméireachta

Marcáil ar Líne

Nótaí Mínithe don Scrúdú Deiridh

Nóta mínithe	Cur síos	Ag Cur in Iúl
MC ✓	Cód MC ✓ san imeall clé de fhreagarleabhar an iarrthóra.	Fianaise ar na Critéir Mharcála don cheist ar fáil den chéad uair i bhfreagarleabhar an iarrthóra.
MC ^x	Cód MC ^x san imeall clé de fhreagarleabhar an iarrthóra.	Níl fianaise ar bith ar na Critéir Mharcála don cheist ar fáil i bhfreagarleabhar an iarrthóra.
[	Cód [san imeall clé de fhreagarleabhar an iarrthóra.	Tús le freagra dúblach ar cheist ar ar bronnadh marcanna cheana.
]	Cód] san imeall clé de fhreagarleabhar an iarrthóra.	Deireadh le freagra dúblach ar cheist ar ar bronnadh marcanna cheana.
	Cód:  líne chorrach chothrománach san imeall clé de fhreagarleabhar an iarrthóra.	Leathanach ar a bhfuil freagra ar cheist feicthe ag an scrúdaitheoir ach tá nótaí mínithe/marcanna don cheist sin breactha síos in áit éigin eile.
	Cód:  líne chorrach cheartingearach san imeall clé de fhreagarleabhar an iarrthóra.	Leathanach bán feicthe ag an scrúdaitheoir/Leathanach feicthe ag an scrúdaitheoir ach níl freagra an iarrthóra ar an gceist le feiceáil ar an leathanach seo.

AONAD A HAON

CAITHFIDH IARRTHÓIRÍ CEANN **AMHÁIN** DEN DÁ CHEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT:

ROINN A CUARDACH BRÍ AGUS LUACHANNA

Ceist 1 Freagair (a) agus (b)

Ceist 1 (a) (i)

20M

Samhlaigh go raibh Platón ag tabhairt óráide faoi nádúr na réaltachta do dhaoine inniu. Ón eolas atá agat ar smaointe Phlatón faoi nádúr na réaltachta, tabhair breac-chuntas ar phointe amháin a leagadh sé béim air do dhaoine inniu, dar leat.

Critéir mharcála agus pointí tagartha

Léireoidh freagra den scoth eolas faoi mhachnamh fealsúnach na Sean-Ghréige trí fhaisnéis chruinn a leagan amach ar cheann amháin nó níos mó de smaointe Phlatón faoi chineál na réaltachta m.sh.

- Faightear fíor-réaltacht agus brí trí smaointe intleachtúla srl.
- Tagtar ar fíorshonas trí éirí críonna agus trí mhaireachtáil go suáilceach srl.
- Srl.

Cuir Cód MC✓ san imeall clé nuair a thugtar na Critéir Mharcála faoi deara i bhfreagra an iarrthóra den chéad uair.

A 1 (a) (i)	SÁRMHAITH	AN-MHAITH	MAITH	RÉASÚNTA	LAG	DONA
<i>Fianaise ar MC – smaoinemh Phlatón ar chineál na réaltachta</i>	fianaise mhór	fianaise an-mhaith	fianaise mhaith	is leor an fhianaise	ní leor an fhianaise	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
<i>Baint le hábhar</i>	baineann sé le hábhar go huile & go hiomlán	is léir go mbaineann sé le hábhar	is iondúil go mbaineann sé le hábhar	baineann sé le hábhar ó am go chéile	is annamh a bhaineann sé le hábhar	ní bhaineann sé le hábhar in aon chor
<i>Úsáid scil(eanna) eolas a leagan amach</i>	Sármhaith ... leagan amach eolais	leagan amach eolais go han-mhaith	Leagan amach eolais go maith	Leagan amach éigin eolais	beagán de leagan amach an eolais	fíorbheagán/gan aon leagan amach an eolais
<i>Cruinneas na bhFíricí</i>	níl aon earráid(i) mhór ann	fíorbheagán earráid(i)	beagán earráid(i) mhór	roinnt earráid(i) mhór	tá an-chuid earráidí móra ann	earráid shuntasach (earráidí suntasacha)
20M	20 - 17	16 - 14	13 - 11	10 - 8	7 - 5	4 - 0

Mínigh an fáth a gceapann tú go leagfadh Platón béim ar an bpointe faoi nádúr na réaltachta, a bhfuil breac-chuntas air i bpáirt (a), (i) thuas, do dhaoine inniu.

Critéir mharcála agus pointí tagartha

Léireoidh freagra den scoth eolas faoi mhachnamh fealsúnach na Sean-Ghréige trí chuntas cruinn a thabhairt ar chúis amháin nó níos mó a gcuirfeadh Platón béim ar an smaoineamh a cuireadh chun cinn i gcuid (a), (i) thuas do dhaoine inniu m.sh.

- Bhreathnaigh Platón ar dhomhan fisiceach na cuma agus réada ábhair mar bheith ag athrú de shíor, rudaí a bhí folamh agus ní réadúil; tagann fíor-eolas tríd an intleacht mar sin ba chóir nach mbeadh daoine chomh folamh srl.
- Dar le Platón tagtar ar fíorshonas trí éirí críonna; tá difríocht idir maireachtáil shuáilceach agus sonas gearrthéarmach a lorg agus dul ar thóir pléisiúir choirp gan smaoineamh srl.
- Srl.

Nóta: Ceadaiigh freagraí tuairisciúla agus tagairt intuigthe do dhaoine sa lá atá inniu ann.

Cuir Cód MC✓ san imeall clé nuair a thugtar na Critéir Mharcála faoi deara i bhfreagra an iarrthóra den chéad uair.

A 1 (a) (ii)	SÁRMHAITH	AN-MHAITH	MAITH	RÉASÚNTA	LAG	DONA
<i>Fianaise ar MC</i> cén fáth Béim curtha ar smaoineamh Phlatón faoi chineál na réaltachta inniu	fianaise mhór	fianaise an-mhaith	fianaise mhaith	is leor an fhianaise	ní leor an fhianaise	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
<i>Baint le hábhar</i>	baineann sé le hábhar go huile & go hiomlán	is léir go mbaineann sé le hábhar	is iondúil go mbaineann sé le hábhar	baineann sé le hábhar ó am go chéile	is annamh a bhaineann sé le hábhar	ní bhaineann sé le hábhar in aon chor
<i>Úsáid scil(eanna)</i> cur síos ar an gcúis	scileanna sármhaithe i gcur síos	scileanna an-mhaith i gcur síos	scileanna maithe i gcur síos	Cur síos éigin	beagán scileanna i gcur síos	fíorbheagán scileanna/ gan aon scileanna i gcur síos
<i>Cruinneas na bhFíricí</i>	níl aon earráid(i) mhór ann	fíorbheagán earráid(i)	beagán earráid(i) mhór	roinnt earráid(i) mhór	tá an-chuid earráidí móra ann	earráid shuntasach (earráidí suntasacha)
20M	20 - 17	16 - 14	13 - 11	10 - 8	7 - 5	4 - 0

Tabhair breac-chuntas ar phríomhsmaoineamh a theagasc duine amháin a bhaineann le forbairt an traidisiúin daonnachaigh.

Critéir mharcála agus pointí tagartha

Léireoidh freagra den scoth tuiscint ar an daonnachaí trí eolas cruinn a leagan amach ar smaoineamh a chuir duine chun cinn a bhaineann le forbairt an traidisiúin dhaonnachaigh m.sh.

- Erasmus – meas a bheith ar dhínit an duine; má tá gach duine ábalta iad féin a fheabhsú agus barr feabhais a bhaint amach d'fhéadfadh sé cuidiú le duine muinín a bheith aige nó aici agus creidiúint ina chumas féin brí an beatha a aimsiú srl.
- Karl Marx – trí réasún a úsáid d'fhéadfadh daoine a bheith saor chun brí a aimsiú; cuidiú le daoine a ndícheall a dhéanamh sonas a bhaint amach trí na hacmhainní a roinnt go cothrom i measc bhaill uile na sochaí srl.
- Jean Paul Sartre – caithfidh daoine a mbrí féin a chruthú i ndomhan ina bhfuil dúshláin; má ghlactar freagracht le haghaidh gníomhaíocht ar leith d'fhéadfadh sé cuidiú le duine brí na beatha a aimsiú srl.
- Srl.

Cód MC ✓ san imeall clé nuair a thugtar na Critéir Mharcála faoi deara i bhfreagra an iarrthóra den chéad uair.

A 1 (b) (i)	SÁRMHAITH	AN-MHAITH	MAITH	RÉASÚNTA	LAG	DONA
<i>Fianaise ar MC – Smaoineamh daonnachach</i>	fianaise mhór	fianaise an-mhaith	fianaise mhaith	is leor an fhianaise	ní leor an fhianaise	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
<i>Baint le hábhar</i>	baineann sé le hábhar go huile & go hiomlán	is léir go mbaineann sé le hábhar	is iondúil go mbaineann sé le hábhar	baineann sé le hábhar ó am go chéile	is annamh a bhaineann sé le hábhar	ní bhaineann sé le hábhar in aon chor
<i>Úsáid scil(eanna) Eolas a leagan amach</i>	Leagan amach sármhaith an eolais	leagan amach eolais go han-mhaith	leagan amach maith an eolais	roinnt leagan amach an eolais	beagán de leagan amach an eolais	fíorbheagán/gan aon leagan amach an eolais
<i>Cruinneas na bhFíricí</i>	níl aon earráid(i) mhór ann	fíorbheagán earráid(i)	beagán earráid(i) mhór	roinnt earráid(i) mhór	tá an-chuid earráidí móra ann	earráid shuntasach (earráidí suntasacha)
20M	20 - 17	16 - 14	13 - 11	10 - 8	7 - 5	4 - 0

Próifiligh an chaoi a bhféadfadh smaoineamh daonnachach cuidiú le daoine atá ag cuardach bhrí na beatha i saol an lae inniu.

Critéir mharcála agus pointí tagartha

Léireoidh freagra den scoth tuiscint ar an daonnacháí trí rianú a dhéanamh ar conas a d'fhéadfadh smaoineamh a bhaineann leis an traidisiún daonnachach cuidiú le duine a bhfuil brí na beatha á cuardach aige nó aici inniu m.sh.

- Erasmus – meas a bheith ar dhínit an duine; má thugtar deis do gach duine iad féin a fheabhsú agus barr feabhais a bhaint amach d'fhéadfadh sé cuidiú le duine muinín agus iontaobh a bheith aige nó aici ina chumas féin brí an beatha a aimsiú srl.
- Karl Marx – trí réasún a úsáid d'fhéadfadh daoine a bheith saor chun brí a aimsiú; d'fhéadfadh sé cuidiú le daoine a ndícheall a dhéanamh sonas a bhaint amach trí acmhainní na sochaí a roinnt go cothrom i measc na mball uile srl.
- Jean Paul Sartre – caithfidh daoine a mbrí féin a chruthú i ndomhan ina bhfuil dúshláin; má ghlactar freagracht le haghaidh gníomhaíocht ar leith d'fhéadfadh sé cuidiú le duine brí na beatha a aimsiú srl.
- Srl.

Nóta: Ceadaiigh freagraí tuairisciúla agus tagairt intuigthe don domhan sa lá atá inniu ann.

Cód MC ✓ san imeall clé nuair a thugtar na Critéir Mharcála faoi deara i bhfreagra an iarrthóra den chéad uair.

A 1 (b) (ii)	SÁRMHAITH	AN-MHAITH	MAITH	RÉASÚNTA	LAG	DONA
<i>Fianaise ar MC – conas a chuidíonn an smaoineamh daonnachach le brí na beatha sa lá atá inniu ann a chuardach</i>	fianaise mhór	fianaise an-mhaith	fianaise mhaith	is leor an fhianaise	ní leor an fhianaise	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
<i>Baint le hábhar</i>	baineann sé le hábhar go huile & go hiomlán	is léir go mbaineann sé le hábhar	is iondúil go mbaineann sé le hábhar	baineann sé le hábhar ó am go chéile	is annamh a bhaineann sé le hábhar	ní bhaineann sé le hábhar in aon chor
<i>Úsáid scil(eanna) rianú</i>	Rianú sármhaith	rianú an-mhaith	rianú maith	rianú éigin	beagán rianaithe	fíorbheagán rianaithe/ gan aon rianú
<i>Cruinneas na bhFíricí</i>	níl aon earráid(i) mhór ann	fíorbheagán earráid(i)	beagán earráid(i) mhór	roinnt earráid(i) mhór	tá an-chuid earráidí móra ann	earráid shuntasach (earráidí suntasacha)
20M	20 - 17	16 - 14	13 - 11	10 - 8	7 - 5	4 - 0

Ceist 2 Freagair (a) agus (b).

Ceist 2 (a)

40M (20Mx2)

Úsáid samplaí agus rianaigh conas a imríonn an tuiscint ar fhoilsiú ó Dhia tionchar ar chleachtas reiligiúnach na gcreidmheach in dhá mhór-reiligiún dhomhanda a ndearna tú staidéar orthu.

Critéir mharcála agus pointí tagartha

Léireoidh freagra den scoth tuiscint ar fhoilsiú ó Dhia trína leagan amach go cruinn an tionchar a imríonn foilsiú ó Dhia ar chleachtas reiligiúnach in dhá mhór-reiligiún dhomhanda m.sh.

- An Chríostaíocht – imríonn a gcreidimh na mball gurb é Íosa an foilsiú is iomláine ar Dhia etc ar cheiliúradh na hEocairiste ina gcuimhníonn siad ar fhocail agus ar ghníomhartha Íosa
- Hiondúchas – déanann Hiondúigh puja os comhair scríne le diagacht ar leith a gcreideann Hiondúigh gur foilsiú Brahman é, srl.
- Ioslam – déanann creidmhigh Salat cúig huaire in aghaidh an lae de réir mar a nochtann an Qur'an briathar Allah in Ioslam agus ní mór do chreidmhigh géilleadh dá thoil srl.
- Srl.

Cuir Cód MC✓ x2 san imeall clé nuair a thugtar na Critéir Mharcála faoi deara i bhfreagra an iarrthóra den chéad uair.

A 2 (a)	SÁRMHAITH	AN-MHAITH	MAITH	RÉASÚNTA	LAG	DONA
<i>Fianaise ar MC - tionchar an fhoilsithe ó Dhia ar an gcleachtas reiligiúnach</i>	fianaise mhór	fianaise an-mhaith	fianaise mhaith	is leor an fhianaise	ní leor an fhianaise	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
<i>Baint le hábhar</i>	baineann sé le hábhar go huile & go hiomlán	is léir go mbaineann sé le hábhar	is iondúil go mbaineann sé le hábhar	baineann sé le hábhar ó am go chéile	is annamh a bhaineann sé le hábhar	ní bhaineann sé le hábhar in aon chor
<i>Úsáid scil(eanna) leagan amach eolais</i>	Leagan amach sármhaith	leagan amach an-mhaith	leagan amach maith	leagan amach éigin	beagán leagan amach	fíorbheagán leagan amach /gan aon leagan amach
<i>Cruinneas na bhFíricí</i>	níl aon earráid(i) mhór ann	fíorbheagán earráid(i)	beagán earráid(i) mhór	roinnt earráid(i) mhór	tá an-chuid earráidí móra ann	earráid shuntasach (earráidí suntasacha)
20Mx2	20 - 17	16 - 14	13 - 11	10 - 8	7 - 5	4 - 0

Ceist 2 (b)**40M (20Mx2)**

Mínigh dhá chúis a bhféadfadh daoine a bheith ar nós cuma liom maidir le bheith ag lorg bhrí na beatha i saol an lae inniu.

Critéir mharcála agus pointí tagartha

Léireoidh freagra den scoth tuiscint ar chuardach na brí trí fhaisnéis chruinn a leagan amach ar dhá chúis lena bhféadfadh daoine sa lá atá inniu ann éirí fuarchúiseach agus iad ag cuardach brí na beatha m.sh.

- Tomhaltachas – d'fhéadfadh cineál tomhaltachais agus ábharaíoch na beatha sa lá atá inniu ann a bheith ina chúis nach mbeadh spéis ag daoine i mbrí agus luach níos doimhne a fháil sa saol srl.
- Éadóchas – d'fhéadfadh imeachtaí le déanaí amhail Páindéim Covid 19, coinbhleacht na hÚcráine/na Rúise agus an ghéarchéim eacnamaíoch a bheith ina gcúis go n-éireodh daoine fuarchúiseach maidir le gach luach agus creideamh agus go bhfágfaí an duine le mothú folamh nach bhfuil aon bhrí leis an mbeatha srl.
- Srl.

Cuir Cód MC✓ x2 san imeall clé nuair a thugtar na Critéir Mharcála faoi deara i bhfreagra an iarrthóra den chéad uair.

A 2 (b)	SÁRMHAITH	AN-MHAITH	MAITH	RÉASÚNTA	LAG	DONA
<i>Fianaise ar MC - dhá chúis le fuarchúis i leith cuardach brí</i>	fianaise mhór	fianaise an-mhaith	fianaise mhaith	is leor an fhianaise	ní leor an fhianaise	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
<i>Baint le hábhar</i>	baineann sé le hábhar go huile & go hiomlán	is léir go mbaineann sé le hábhar	is iondúil go mbaineann sé le hábhar	baineann sé le hábhar ó am go chéile	is annamh a bhaineann sé le hábhar	ní bhaineann sé le hábhar in aon chor
<i>Úsáid scil(eanna) eolas a leagan amach</i>	Leagan amach sármhaith an eolais	leagan amach eolais go han-mhaith	leagan amach maith an eolais	roinnt leagan amach an eolais	beagán de leagan amach an eolais	fíorbheagán/gan aon leagan amach an eolais
<i>Cruinneas na bhFíricí</i>	níl aon earráid(i) mhór ann	fíorbheagán earráid(i)	beagán earráid(i) mhór	roinnt earráid(i) mhór	tá an-chuid earráidí móra ann	earráid shuntasach (earráidí suntasacha)
20M x2	20 - 17	16 - 14	13 - 11	10 - 8	7 - 5	4 - 0

AONAD a DÓ

NÍ MÓR D'IARRTHÓIRÍ DHÁ CHEANN DE NA TRÍ ROINN SEO THÍOS A FHREAGAIRT

ROINN B: AN CHRÍOSTAÍOCHT: BUNÚS AGUS CUR IN IÚL COMHAIMSEARHA

Freagair dhá cheann ar bith de pháirteanna: (a), (b), (c).

Ceist B (a) (i)

20M

Breac cuntas gearr ar an tuiscint ar Íosa Nazórach a chuirtear i láthair inniu i sampla as ceann amháin díobh seo: ● Ealaín ● Scannánaíocht ● Ceol

Critéir mharcála agus pointí tagartha

Léireoidh freagra den scoth cumas íomhá d'Íosa sa chultúr comhaimseartha a aithint trí eolas cruinn a leagan amach ar an tuiscint ar Íosa a léirítear i sampla amháin a tógadh ó ealaín nó scannán nó ceol an lae inniu m.sh.

- Ealaín: Georges Rouault - íomhá d'Íosa i saol an lae inniu; a léiríodh Íosa i measc na mbocht, na boicht agus saol na prólatáireachta i bPáras. Iarracht ina íomháu d'Íosa chun a theachtaireacht dár saol atá inniu ann a fháil ar ais srl.
- Scannán: Sa scannán "Paisean of Christ" le Mel Gibson, léirítear Íosa mar Shlánaitheoir a d'fhulaing go leor péine agus céasta chun daoine eile a fhuascailt srl.
- Ceol: In amhrán Van Morrison "No Religion" teagasc Íosa 'gráigh do chomharsa'. Iarrann sé ar dhaoine an tslí mhaireachtála sin a leanúint agus tugann sé le fios nach bhfuil daoine ag déanamh amhlaidh srl.

Nóta: Ceadaigh freagraí tuairisciúla.

Cód MC ✓ san imeall clé nuair a thugtar na Critéir Mharcála faoi deara i bhfreagra an iarrthóra den chéad uair.

B (a) (i)	SÁRMHAITH	AN-MHAITH	MAITH	RÉASÚNTA	LAG	DONA
<i>Fianaise ar MC</i> - an dóigh a léirítear Íosa san ealaín nó i scannán nó i gceol inniu	fianaise mhór	fianaise an-mhaith	fianaise mhaith	is leor an fhianaise	ní leor an fhianaise	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
<i>Baint le hábhar</i>	baineann sé le hábhar go huile & go hiomlán	is léir go mbaineann sé le hábhar	is iondúil go mbaineann sé le hábhar	baineann sé le hábhar ó am go chéile	is annamh a bhaineann sé le hábhar	ní bhaineann sé le hábhar in aon chor
<i>Úsáid scil(eanna)</i> Eolas a leagan amach	Leagan Amach eolas go Sármhaith	Leagan amach eolais go han-mhaith	Leagan amach eolais maith	Leagan amach éigin eolais	beagán de Leagan amach eolais	fíorbheagán/gan aon Leagan amach eolais
<i>Cruinneas na bhFíricí</i>	níl aon earráid(i) mhór ann	fíorbheagán earráid(i)	beagán earráid(i) mhór	roinnt earráid(i) mhór	tá an-chuid earráidí móra ann	earráid shuntasach (earráidí suntasacha)
20M	20 - 17	16 - 14	13 - 11	10 - 8	7 - 5	4 - 0

Mínigh an fáth a bhfuil an tuiscint ar Íosa Nazórach ar thug tú breac-chuntas uirthi i bpáirt (a), (i) thuas, tábhachtach do Chríostaithe an lae inniu.

Critéir mharcála agus pointí tagartha

Léireoidh freagra den scoth cumas íomhá d'Íosa sa chultúr comhaimseartha a aithint trí chuntas cruinn a thabhairt ar chúis amháin nó níos mó a bhfuil an tuiscint ar Íosa atá leagtha amach i gcuid (a), (i) thuas ábhartha do Chríostaithe inniu m.sh.

- Ealaín: Tá íomhá Georges Rouault d'Íosa i measc na mbocht ábhartha mar mheabhrúchán más Críostaí thú gur cheart duit bheith ar thaobh na mbocht agus oibriú chun cuidiú le daoine ualach na bochtaineachta sa domhan inniu a chloígh srl.
- Scannán: Tá 'The Passion of the Christ' le Mel Gibson, a léiríonn Íosa mar Shlánaitheoir a bhí ag fulaingt ábhartha do Chríostaithe inniu toisc go gcuireann sé béim an dóigh ar chloígh Íosa an fhulaingt, rud a d'fhéadfadh daoine a spreagadh inniu a d'fhulaing le linn imeachtaí le déanaí amhail paindéim Covid srl.
- Ceol: Luann amhrán Van Morrison 'No Religion' teagasc Íosa ar 'gráigh do chomharsa', rud atá ábhartha do Chríostaithe sa lá atá inniu ann agus toisc go n-iarrann sé ar dhaoine an tslí mhaireachtála sin a leanúint agus tugann sé le fios nach bhfuil daoine ag déanamh amhlaidh srl.

Nóta: Ceadaiigh freagraí tuairisciúla.

Cuir Cód MC✓ san imeall clé nuair a thugtar na Critéir Mharcála faoi deara i bhfreagra an iarrthóra den chéad uair.

B (a) (ii)	SÁRMHAITH	AN-MHAITH	MAITH	RÉASÚNTA	LAG	DONA
<i>Fianaise ar MC – ábharthacht na tuisceana ar Íosa do Chríostaithe inniu.</i>	fianaise mhór	fianaise an-mhaith	fianaise mhaith	is leor an fhianaise	ní leor an fhianaise	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
<i>Baint le hábhar</i>	baineann sé le hábhar go huile & go hiomlán	is léir go mbaineann sé le hábhar	is iondúil go mbaineann sé le hábhar	baineann sé le hábhar ó am go chéile	is annamh a bhaineann sé le hábhar	ní bhaineann sé le hábhar in aon chor
<i>Úsáid scil(eanna) – cur síos a thabhairt</i>	scileanna sármhaithe i gcur síos	cur síos an-mhaith	cur síos maith	cur síos áirithe	beagán scileanna i gcur síos	fíorbheagán scileanna/ gan aon scileanna i gcur síos
<i>Cruinneas na bhFíricí</i>	níl aon earráid(i) mhór ann	fíorbheagán earráid(i)	beagán earráid(i) mhór	roinnt earráid(i) mhór	tá an-chuid earráidí móra ann	earráid shuntasach (earráidí suntasacha)
20M	20 - 17	16 - 14	13 - 11	10 - 8	7 - 5	4 - 0

Déan cur síos ar dhá shampla de na bealaí éagsúla ar theagasc Íosa Nazórach a lucht leanúna faoi Ríocht Dé lena bhriathra agus lena ghníomhartha.

Critéir mharcála agus pointí tagartha

Léireoidh freagra den scoth eolas faoi theagasc Íosa trí chuntas cruinn a thabhairt ar dhá shampla den dóigh ar thug Íosa teagasc faoi Ríocht Dé do dhaoine ina sheanmóireacht m.sh.

- I bParabail Íosa e.g. An Samárach Maith, iarrann Íosa a chuid éisteoirí teacht go Metanoia agus múineann sé go gcuirtear an luach céanna ar gach duine i Ríocht Dé is cuma cá háit a dtagann siad as srl.
- Na Béilí a roinn Íosa e.g. nuair a roinn sé béile leis na bailitheoirí cánach thug sé dúshlán dá lucht leanúna bheith níos cuimsithí srl.
- Míorúiltí: In aimsir Íosa, breathnaíodh ar thinneas mar chomhartha míshásaimh Dé leis an duine. Nuair a fheicimid Íosa agus an fear dall, an deichniúr lobhar, agus an bhean chraplaithe á leigheas aige táthar ag taispeáint go dtugann Dia aire agus grá dóibh siúd go léir atá ag fulaingt srl.
- Srl.

Nóta: Ceadaiigh tagairt intuigthe do Ríocht Dé.

Cuir Cód MC✓ x2 san imeall clé nuair a thugtar na Critéir Mharcála faoi deara i bhfreagra an iarrthóra den chéad uair.

B b	SÁRMHAITH	AN-MHAITH	MAITH	RÉASÚNTA	LAG	DONA
<i>Fianaise ar MC – dhá dhóigh ar theagasc Íosa faoi Ríocht Dé</i>	fianaise mhór	fianaise an-mhaith	fianaise mhaith	is leor an fhianaise	ní leor an fhianaise	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
<i>Baint le hábhar</i>	baineann sé le hábhar go huile & go hiomlán	is léir go mbaineann sé le hábhar	is iondúil go mbaineann sé le hábhar	baineann sé le hábhar ó am go chéile	is annamh a bhaineann sé le hábhar	ní bhaineann sé le hábhar in aon chor
<i>Úsáid scil(eanna) – cuntas a thabhairt</i>	scileanna sármhaithe i gcur síos	cur síos an-mhaith	cur síos maith	cur síos áirithe	beagán scileanna i gcur síos	fíorbheagán scileanna/ gan aon scileanna i gcur síos
<i>Cruinneas na bhFíricí</i>	níl aon earráid(i) mhór ann	fíorbheagán earráid(i)	beagán earráid(i) mhór	roinnt earráid(i) mhór	tá an-chuid earráidí móra ann	earráid shuntasach (earráidí suntasacha)
20Mx2	20 - 17	16 - 14	13 - 11	10 - 8	7 - 5	4 - 0

Próifiligh an chaoi a bhfuil sainchreideamh Críostaí amháin ag iarraidh leanúint ar agaidh le misean Íosa tríd an obair a dhéanann siad i saol an lae inniu.

Critéir mharcála agus pointí tagartha

Léireoidh freagra den scoth feasacht ar an dóigh a ndéantar an teachtaireacht Chríostaí a léirmhíniú sa lá atá inniu ann tríd an dóigh a ndéanann obair sainchreidrimh Críostaí amháin iarracht leanúint le misean Íosa sa lá atá inniu a rianú go cruinn m.sh.

- An Eaglais Chaitliceach - Le hobair Christian Aid in Éirinn léirítear domhan gan bhochtaineacht a chruthú misean Íosa agus é ag freastal ar na boicht srl.
- is sampla é obair phobal Corrymeela maidir le seicteachas a shárú i dTuaisceart Éireann de leanúint le misean Íosa toisc gur theagaisc sé síocháin, grá don namhad agus d'fhreastail sé orthu siúd a fágadh amach srl.
- Tá obair Iontaobhas Peter McVerry/Focus Ireland ag cuidiú le daoine gan dídean ag leanúint le misean Íosa toisc gur theagaisc sé grá a bheith acu dá chéile, roinnt le daoine eile srl. dá dheisceabail.
- Srl.

Cuir Cód MC✓ san imeall clé nuair a thugtar na Critéir Mharcála faoi deara i bhfreagra an iarrthóra den chéad uair.

B c	SÁRMHAITH	AN-MHAITH	MAITH	RÉASÚNTA	LAG	DONA
<i>Fianaise ar MC Sainchreideamh Críostaí atá ag leanúint le misean Íosa</i>	fianaise mhór	fianaise an-mhaith	fianaise mhaith	is leor an fhianaise	ní leor an fhianaise	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
<i>Baint le hábhar</i>	baineann sé le hábhar go huile & go hiomlán	is léir go mbaineann sé le hábhar	is iondúil go mbaineann sé le hábhar	baineann sé le hábhar ó am go chéile	is annamh a bhaineann sé le hábhar	ní bhaineann sé le hábhar in aon chor
<i>Úsáid scil(eanna) rianú</i>	Rianú sármhaith	rianú an-mhaith	rianú maith	roinnt rianaithe	beagán rianaithe	fíorbheagán rianaithe/ gan aon rianú
<i>Cruinneas na bhFíricí</i>	níl aon earráid(i) mhór ann	fíorbheagán earráid(i)	beagán earráid(i) mhór	roinnt earráid(i) mhór	tá an-chuid earráidí móra ann	earráid shuntasach (earráidí suntasacha)
40M	40 - 34	33 - 28	27 - 22	21 - 16	15 - 10	9 - 0

ROINN C REILIGIÚIN DHOMHANDA

Freagair dhá cheann ar bith de pháirteanna: (a), (b), (c).

Ceist C (a) (i)

20M (10Mx2)

Rianaigh an chaoi ar féidir an tionchar ag dhá smaoineamh a bhaineann le reiligiún príomhúil a fheiceáil i mór-reiligiún domhanda a ndearna tú staidéar air.

Critéir mharcála agus pointí tagartha

Léireoidh freagra den scoth eolas faoi reiligiún príomhúil trí eolas a leagan amach go beacht faoin dóigh a ndeachaigh dhá smaoineamh a bhaineann le reiligiún príomhúil i bhfeidhm ar mhór-reiligiún domhanda m.sh.

- Coincheapa a bhaineann leis an reiligiún príomhúil e.g. breathnaíodh ar réada agus áiteanna áirithe mar Tabu i.e. curtha ar leataobh le haghaidh úsáid reiligiúnach chun a naofacht a chaomhnú, is féidir é sin a fheiceáil i reiligiúin ina mbreathnaítear ar áiteanna nó ar rud áirithe mar bheith naofa srl.
- I reiligiúin phríomhúla m.sh. An tSean-Ghréig, rialaigh déithe áirithe a codanna sonracha den dúlra - báisteach, barra, agus toirneach; i reiligiúin dhomhanda m.sh. Hiondúchas, tá baint ag déithe áirithe (amhail léirithe Brahman) le gnéithe éagsúla den saol srl.
- Bhí radharc domhanda réamhtheicneolaíoch ag na príomh-reiligiúin m.sh. Is mór ag an traidisiún Giúdach-Chríostaí an scéal faoi chruthú Gheineasas mar scéal diagachta seachas mar scéal eolaíoch srl.
- Sa Chríostaíocht in Éirinn, tá tionchar an reiligiúin phríomhúil le feiceáil nuair a chuir Naomh Pádraig cleachtais réamh-Chríostaí in oiriúint do cheiliúradh an chreidimh Chríostaí e.g. Toibreacha Naofa, oilithreacht Chroch Phádraig srl.
- Srl.

Nóta: Lig d'fhreagraí tuairisciúla.

Cuir Cód MC✓ x2 san imeall clé nuair a thugtar na Critéir Mharcála faoi deara i bhfreagra an iarrthóra den chéad uair.

C (a) (i)	SÁRMHAITH	AN-MHAITH	MAITH	RÉASÚNTA	LAG	DONA
<i>Fianaise ar MC - tionchar an reiligiúin phríomhúil ar mhór-reiligiún domhanda.</i>	fianaise mhór	fianaise an-mhaith	fianaise mhaith	is leor an fhianaise	ní leor an fhianaise	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
<i>Baint le hábhar</i>	baineann sé le hábhar go huile & go hiomlán	is léir go mbaineann sé le hábhar	is iondúil go mbaineann sé le hábhar	baineann sé le hábhar ó am go chéile	is annamh a bhaineann sé le hábhar	ní bhaineann sé le hábhar in aon chor
<i>Úsáid scil(eanna) eolas a leagan amach</i>	Leagan amach sármhaith	leagan amach an-mhaith	leagan amach maith	leagan amach éigin	beagán leagan amach	fíorbheagán leagan amach /gan aon leagan amach
<i>Cruinneas na bhFíricí</i>	níl aon earráid(i) mhór ann	fíorbheagán earráid(i)	beagán earráid(i) mhór	roinnt earráid(i) mhór	tá an-chuid earráidí móra ann	earráid shuntasach (earráidí suntasacha)
10Mx2	10 - 9	8 - 7	6 - 5	4	3	2 - 0

Tá méadú tagtha ar líon na reiligiún éagsúil in Éirinn le blianta beaga anuas.

Cuir síos ar threocht eile i reiligiún in Éirinn atá tagtha chun cinn le blianta beaga anuas.

Critéir mharcála agus pointí tagartha

Léireoidh freagra den scoth eolas faoi threochtaí sa reiligiún trí chuntas cruinn a thabhairt ar fhorbairt eile a rinneadh le déanaí laistigh den reiligiún in Éirinn seachas an ceann a thugtar sa cheist m.sh.

- Dí-eaglaisiú – léirigh na reifrinn le déanaí ar phósadh comhghnéis agus ar Ghinmhilleadh gur lú an tionchar ar dhaoine atá ag teagasc na reiligiún ar cheisteanna morálta srl.
- Idirphlé idirchreidmheach – leis an méadú atá tagtha ar thraidisiúin reiligiúnacha in Éirinn le blianta beaga anuas tá méadú tagtha ar an ngá atá le meas agus caoinfhulaingt idir baill na gcreideamh éagsúil srl.
- Srl.

Cuir Cód MC✓ san imeall clé nuair a thugtar na Critéir Mharcála faoi deara i bhfreagra an iarrthóra den chéad uair.

C (a) (ii)	SÁRMHAITH	AN-MHAITH	MAITH	RÉASÚNTA	LAG	DONA
<i>Fianaise ar MC - Treocht reiligiúnach in Éirinn le blianta beaga anuas</i>	fianaise mhór	fianaise an-mhaith	fianaise mhaith	is leor an fhianaise	ní leor an fhianaise	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
<i>Baint le hábhar</i>	baineann sé le hábhar go huile & go hiomlán	is léir go mbaineann sé le hábhar	is iondúil go mbaineann sé le hábhar	baineann sé le hábhar ó am go chéile	is annamh a bhaineann sé le hábhar	ní bhaineann sé le hábhar in aon chor
<i>Úsáid scil(eanna) – cuntas a thabhairt</i>	scileanna sármhaithe i gcur síos	cur síos an-mhaith	cur síos maith	cur síos áirithe	beagán scileanna i gcur síos	fíorbheagán scileanna/ gan aon scileanna i gcur síos
<i>Cruinneas na bhFíricí</i>	níl aon earráid(i) mhór ann	fíorbheagán earráid(i)	beagán earráid(i) mhór	roinnt earráid(i) mhór	tá an-chuid earráidí móra ann	earráid shuntasach (earráidí suntasacha)
20M	20 - 17	16 - 14	13 - 11	10 - 8	7 - 5	4 - 0

Ceist C (b)

40M (20Mx2)

Cuir i gcomparáid an chaoi a ndéantar na scéalta bunaidh a bhaineann le reiligiún amháin as LIOSTA A agus reiligiún amháin as LIOSTA B a mheabhraí inniu ag féilte reiligiúnacha:

Liosta A: ● An Chríostaíocht

● An Giúdachas

Liosta B: ● An Búdachas

● An Hiondúchas

● Ioslam

Critéir mharcála agus pointí tagartha

Léireoidh freagra den scoth eolas faoi reiligiúin dhomhanda trí chuntas cruinn a thabhairt ar chosúlacht agus/nó ar dhifríocht sa dóigh ina meabhraítear i bhféile reiligiúnach imeacht ón scéal bunaidh i reiligiún amháin as Liosta A agus reiligiún amháin as Liosta B m.sh.

- Cosúlacht – le linn cheiliúradh Hanukah sa Ghiúdachas lastar coinnle ar menorah chun ath-thiomnú an Teampaill a thabhairt chun cuimhne, rud atá cosúil le ceiliúradh Diwali sa Hiondúchas ina lastar coinnle agus lampaí chun filleadh Ram agus Sita agus bua an mhaitheasa a cheiliúradh srl.
- Difríocht – le linn Wesak sa Bhúdachas tugtar chun cuimhne breith, beatha agus soilsiú an Bhúda trí dhealbha den Bhúda a ní le huisce, rud atá difriúil le féile Eid-ul-Adha san Ioslam ina dtugtar íobairt Abrahám chun cuimhne le béile féiltiúil ina meabhraítear le hithe uain go raibh Abrahám toilteanach íobairt a dhéanamh srl.
- Srl.

Nóta: Ceadaiigh freagraí tuairisciúla agus tagairt intuigthe d'fhéilte reiligiúnacha.

Cuir Cód MC✓ x2 san imeall clé nuair a thugtar na Critéir Mharcála faoi deara i bhfreagra an iarrthóra den chéad uair.

C (b)	SÁRMHAITH	AN-MHAITH	MAITH	RÉASÚNTA	LAG	DONA
<i>Fianaise ar MC – conas a mheabhraítear scéal bunaidh reiligiúin i bhféile reiligiúnach</i>	fianaise mhór	fianaise an-mhaith	fianaise mhaith	is leor an fhianaise	ní leor an fhianaise	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
<i>Baint le hábhar</i>	baineann sé le hábhar go huile & go hiomlán	is léir go mbaineann sé le hábhar	is iondúil go mbaineann sé le hábhar	baineann sé le hábhar ó am go chéile	is annamh a bhaineann sé le hábhar	ní bhaineann sé le hábhar in aon chor
<i>Úsáid scil(eanna) cuntas a thabhairt ar chosúlacht agus/nó ar dhifríocht</i>	cuntas sármhaith ar chosúlacht agus/nó ar dhifríocht	cuntas an-mhaith ar chosúlacht agus/nó ar dhifríocht	cuntas maith ar chosúlacht agus/nó ar dhifríocht	cuntas éigin ar chosúlacht agus/nó ar dhifríocht	beagán cuntais ar chosúlacht agus/nó ar dhifríocht	fíorbheagán cuntais/ gan aon chuntas ar chosúlacht agus/nó ar dhifríocht
<i>Cruinneas na bhFíricí</i>	níl aon earráid(i) mhór ann	fíorbheagán earráid(i)	beagán earráid(i) mhór	roinnt earráid(i) mhór	tá an-chuid earráidí móra ann	earráid shuntasach (earráidí suntasacha)
20Mx2	20 - 17	16 - 14	13 - 11	10 - 8	7 - 5	4 - 0

Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi a bhféadfadh ról a bheith ag dialóg idirchreidmheach chun cuidiú le réiteach a fháil ar chás coimhlinte a ndearna tú staidéar air.

Critéir mharcála agus pointí tagartha

Léireoidh freagra den scoth léirthuisint ar thábhacht na dialóige idirchreidmhí trí eolas chruinn a leagan amach conas a d'fhéadfadh an dialóg idir chreidimh éagsúla páirt a imirt i réiteach a fháil ar chás coinbhleachta m.sh.

- Coinbhleacht Iosrael/na Palaistíne – Mar gheall ar an gCúnant le hAbrahám creideann Giúdaigh gur talamh é Iosrael a fuarthas ó Dhia agus in Ioslam creidtear freisin go bhfuil an talamh sin naofa dóibh srl.
- Coinbhleacht Ioslamach/Hiondúch san India: Tá a lán tosca taobh thiar den choimbheacht idir Hiondúigh agus Moslamaigh san India agus ní gá go bhfuil sé bunaithe ar chreideamh e.g. difríochtaí polaitiúla, cultúrtha srl.
- D'fhéadfadh dialóg idirchreidmheach cuidiú leis an dá chás coinbhleachta a réiteach trí chomhthuisint a chruthú agus caoinfhulaingt agus meas a chothú idir baill den phobal Giúdach, Ioslamach agus Hiondúch srl.
- Srl.

Nóta: Ceadaiigh freagraí tuairisciúla agus tagairt intuigthe do chás coinbhleachta.

Cuir Cód MC✓ san imeall clé nuair a thugtar na Critéir Mharcála faoi deara i bhfreagra an iarrthóra den chéad uair.

C (c)	SÁRMHAITH	AN-MHAITH	MAITH	RÉASÚNTA	LAG	DONA
<i>Fianaise ar MC – D'fhéadfadh ról a bheith ag an dialóg idirchreidmheach maidir le chás coinbhleachta a réiteach</i>	fianaise mhór	fianaise an-mhaith	fianaise mhaith	is leor an fhianaise	ní leor an fhianaise	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
<i>Baint le hábhar</i>	baineann sé le hábhar go huile & go hiomlán	is léir go mbaineann sé le hábhar	is iondúil go mbaineann sé le hábhar	baineann sé le hábhar ó am go chéile	is annamh a bhaineann sé le hábhar	ní bhaineann sé le hábhar in aon chor
<i>Úsáid scil(eanna) Eolas a leagan amach</i>	Eolas sármhaith	eolas an-mhaith	eolas maith	roinnt eolais	beagán eolais	fíorbheagán/gan aon eolas
<i>Cruinneas na bhFíricí</i>	níl aon earráid(i) mhór ann	fíorbheagán earráid(i)	beagán earráid(i) mhór	roinnt earráid(i) mhór	tá an-chuid earráidí móra ann	earráid shuntasach (earráidí suntasacha)
40M	40 - 34	33 - 28	27 - 22	21 - 16	15 - 10	9 – 0

ROINN D CINNEADH MORÁLTA A DHÉANAMH

Freagair dhá cheann ar bith de pháirteanna: (a), (b), (c).

Ceist D (a)

40M (20Mx2)

Déan cur síos ar shampla de na saincheisteanna morálta a bhí ina n-údair imní do dhaoine a mhair i ngach ceann de na sibhialtachtaí ársa seo: ● Na hEabhraigh ● Na Rómhánaigh

Critéir mharcála agus pointí tagartha

Léireoidh freagra den scoth tuiscint ar an mhoráltacht mar fheiniméan daonna ón ré ársa trí chuntas cruinn a thabhairt ar shaincheist mhorálta amháin nó níos mó a bhí ina hábhar imní ar dhaoine sna sibhialtachtaí ársa atá liostaithe sa cheist m.sh.

- Na hEabhraigh - Ba cheist í a bheith saor agus an tsaoirse a bheith acu a saol a chaitheamh ag freastal ar Dhia ag tráthanna forghabhála na gcumhachtaí eachtracha – Eacsadas srl.
- Na Rómhánaigh - Dúirt Cicero go bhfuil cogaí gan chúis éagórach srl.
- Srl.

Cuir Cód MC✓ x2 san imeall clé nuair a thugtar na Critéir Mharcála faoi deara i bhfreagra an iarrthóra den chéad uair.

D (a)	SÁRMHAITH	AN-MHAITH	MAITH	RÉASÚNTA	LAG	DONA
<i>Fianaise ar MC - saincheisteanna morálta a bhí ina n-ábhar imní do na hEabhraigh agus na Rómhánaigh</i>	fianaise mhór	fianaise an-mhaith	fianaise mhaith	is leor an fhianaise	ní leor an fhianaise	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
<i>Baint le hábhar</i>	baineann sé le hábhar go huile & go hiomlán	is léir go mbaineann sé le hábhar	is iondúil go mbaineann sé le hábhar	baineann sé le hábhar ó am go chéile	is annamh a bhaineann sé le hábhar	ní bhaineann sé le hábhar in aon chor
<i>Úsáid scil(eanna) – cuntas a thabhairt</i>	scileanna sármhaithe i gcur síos	cur síos an-mhaith	cur síos maith	cur síos áirithe	beagán scileanna i gcur síos	fíorbheagán scileanna/ gan aon scileanna i gcur síos
<i>Cruinneas na bhFíricí</i>	níl aon earráid(i) mhór ann	fíorbheagán earráid(i)	beagán earráid(i) mhór	roinnt earráid(i) mhór	tá an-chuid earráidí móra ann	earráid shuntasach (earráidí suntasacha)
20Mx2	20 - 17	16 - 14	13 - 11	10 - 8	7 - 5	4 - 0

Ceist D (b)

40M (20Mx2)

- An Búdachas ● An Hiondúchas ● Ioslam ● An Giúdachas

Roghnaigh dhá cheann de na reiligiúin thuas agus rianaigh conas a d'fhéadfadh bunphrionsabal óna dteagasc tionchar a imirt ar thuiscint a mball ar iompar ceart agus mícheart i gcás ar leith.

Critéir mharcála agus pointí tagartha

Léireoidh freagra den scoth eolas ar chur chuige neamh-Chríostaí i leith na heitice trí chuntas cruinn a thabhairt ar conas a d'fhéadfadh, in dhá reiligiún dhomhanda atá liostaithe sa cheist, bunphrionsabal eitice

tionchar a imirt ar thuiscint a gcuid ball ar cad atá ceart agus cad atá mícheart i gcás m.sh.

- An Búdachas - Foghlaimíonn Cúig Fhóraithne an Bhúdachais duit gan aon dochar a dhéanamh d'aon rud beo a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar bhaill oibriú chun leas ainmhithe a chur chun cinn i gcásanna ina bhfeiceann siad ainmhithe á ndúshaothrú nó go bhfuil drochbhail á tabhairt orthu srl.
- An Hiondúchas – D'fhéadfadh an tuiscint go bhfuil an t-athionchollú ina inspreagadh chun maireachtáil mar is ceart tionchar a imirt ar bhaill cuidiú leo siúd nach bhfuil chomh maith as agus tabhartais a thabhairt do charthanacht toisc go bhféadfadh sé sin cuidiú leo karma maith a bhaint amach srl.
- Ioslam – Chuir Zakat Chúig Cholún Ioslam chun cinn go bhfuil sé ceart tabhartais a thabhairt do charthanacht a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar chreidimh chun bia/airgead a thabhairt do dhaoine gan dídean nó do dhaoine ar an ngannchuid srl.
- An Giúdachas - D'fhéadfadh tionchar a bheith ag na 10 nAitheanta/nAithne lena gcuirtear chun cinn go bhfuil an marú mícheart i gcónaí ar bhaill oibriú chun cur i gcoinne phionós an bháis srl.

Nóta: Ceadaiigh tagairt intuigthe do chás.

Cuir Cód MC✓ x2 san imeall clé nuair a thugtar na Critéir Mharcála faoi deara i bhfreagra an iarrthóra den chéad uair.

D (b)	SÁRMHAITH	AN-MHAITH	MAITH	RÉASÚNTA	LAG	DONA
<i>Fianaise ar MC - tionchar an chórais eiticiúil ar thuiscint ar cad atá ceart agus cad atá mícheart i reiligiún neamh-Chríostaí</i>	fianaise mhór	fianaise an-mhaith	fianaise mhaith	is leor an fhianaise	ní leor an fhianaise	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
<i>Baint le hábhar</i>	baineann sé le hábhar go huile & go hiomlán	is léir go mbaineann sé le hábhar	is iondúil go mbaineann sé le hábhar	baineann sé le hábhar ó am go chéile	is annamh a bhaineann sé le hábhar	ní bhaineann sé le hábhar in aon chor
<i>Úsáid scil(eanna) eolas leagan amach ar conas</i>	Leagan amach sármhaith ar conas	leagan amach an-mhaith ar conas	leagan amach maith ar conas	leagan amach éigin ar conas	beagán leagan amach ar conas	fíorbheagán leagan amach /gan aon leagan amach ar conas
<i>Cruinneas na bhFíricí</i>	níl aon earráid(i) mhór ann	fíorbheagán earráid(i)	beagán earráid(i) mhór	roinnt earráid(i) mhór	tá an-chuid earráidí móra ann	earráid shuntasach (earráidí suntasacha)
20Mx2	20 - 17	16 - 14	13 - 11	10 - 8	7 - 5	4 - 0

Mínigh conas a d'fhéadfadh coinsias oilte a bheith ag duine é/í a threorú lena iompar ar bhealach aibí morálta nuair a bheadh cinneadh le déanamh.

Critéir mharcála agus pointí tagartha

Léireoidh freagra den scoth tuiscint ar aibíocht mhorálta trí chuntas cruinn a thabhairt ar conas a d'fhéadfadh coinsias eolasach duine a threorú chun gníomhú le haltrúchas i gcás m.sh.

- gach iarmhairt a chur ar shúile duine agus tabhairt orthu gníomhú ar bhealach a chuideodh le daoine eile srl.
- duine a threorú chun freagracht a ghlacadh as a gcuid gníomhartha srl.
- Srl.

Nóta: Ceadaiigh freagraí tuairisciúla agus tagairt intuigthe do chás cinnteoireachta.

Cuir Cód MC✓ san imeall clé nuair a thugtar na Critéir Mharcála faoi deara i bhfreagra an iarrthóra den chéad uair.

D (c)	SÁRMHAITH	AN-MHAITH	MAITH	RÉASÚNTA	LAG	DONA
<i>Fianaise ar MC</i> tionchar coinsiasa eolaigh maidir le cinneadh morálta a dhéanamh	fianaise mhór	fianaise an- mhaith	fianaise mhaith	is leor an fhianaise	ní leor an fhianaise	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
<i>Baint le hábhar</i>	baineann sé le hábhar go huile & go hiomlán	is léir go mbaineann sé le hábhar	is iondúil go mbaineann sé le hábhar	baineann sé le hábhar ó am go chéile	is annamh a baineann sé le hábhar	ní bhaineann sé le hábhar in aon chor
<i>Úsáid scil(eanna)</i> – cuntas a thabhairt	scileanna sármhaithe i gcur síos	cur síos an- mhaith	cur síos maith	cur síos áirithe	beagán scileanna i gcur síos	fíorbheagán scileanna/ gan aon scileanna i gcur síos
<i>Cruinneas na bhFíricí</i>	níl aon earráid(i) mhór ann	fíorbheagán earráid(i)	beagán earráid(i) mhór	roinnt earráid(i) mhór	tá an-chuid earráidí móra ann	earráid shuntasach (earráidí suntasacha)
40M	40 - 34	33 - 28	27 - 22	21 - 16	15 - 10	9 – 0

AONAD A TRÍ

CAITHFIDH IARRTHÓIRÍ CEANN **AMHÁIN** DE NA CEITHRE ROINN SEO A LEANAS
A FHREAGAIRT:

ROINN E REILIGIÚN AGUS INSCNE

Freagair aon cheann amháin de chodanna (a), (b), (c), d.

Ceist E (a)

80M (40Mx2)

Déan cur síos ar dhá shampla den chaoi a léirítear íomhá Dé sna ról a d'imir fir agus mná i stair an tslánaithe a bhfuil breac-chuntas uirthi sna Scrioptúir Eabhrise.

Critéir mharcála agus pointí tagartha

Léireoidh freagra den scoth tuiscint ar ról inscne trí chuntas cruinn a thabhairt ar dhá shampla den dóigh a léirítear íomhá Dé sa ról a bhíodh á imirt ag fir agus ag mná i stair an tslánaithe mar a thuairiscítear sna Scrioptúir Eabhrise m.sh.

- Léirítear íomhá Dé mar Mháthair i scéal Deborah a threoraigh muintir Iosrael i leas a bhaint as síocháin ar feadh 40 bliain, threoraigh agus chothaigh Deborah muintir Iosrael an dóigh a dtreoródh máthair a leanaí agus an dóigh a gcosnódh sí iad e.g. Conas a chosnaíonn Dia a mhuintir srl.
- Léirítear íomhá Dé mar Athair - a chruthaigh agus a chosnaíonn a mhuintir i scéal Iób a chosnaíonn a theaghlach ach a bhíonn ag streachailt agus a thástáiltear go minic , ach sáraíonn sé dúshláin srl.
- Léirítear íomhá Dé mar Rí – a rialaíonn na náisiúin go léir agus ar fud an na cruinne uile scéal Iósaeaf agus bua á fháil aige ar an olc agus atá dílis dóibh siúd a bhfuil creideamh acu srl.
- Srl.

Cód MC ✓ x2 san imeall clé nuair a thugtar na Critéir Mharcála faoi deara i bhfreagra an iarrthóra den chéad uair.

E (a)	SÁRMHAITH	AN-MHAITH	MAITH	RÉASÚNTA	LAG	DONA
<i>Fianaise ar MC –</i> mar a léirítear íomhá Dé sa ról a imríonn fir agus mná i stair an tslánaithe	fianaise mhór	fianaise an- mhaith	fianaise mhaith	is leor an fhianaise	ní leor an fhianaise	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
<i>Baint le hábhar</i>	baineann sé le hábhar go huile & go hiomlán	is léir go mbaineann sé le hábhar	is iondúil go mbaineann sé le hábhar	baineann sé le hábhar ó am go chéile	is annamh a bhaineann sé le hábhar	ní bhaineann sé le hábhar in aon chor
<i>Úsáid scil(eanna)</i> – cuntas a thabhairt	scileanna sármhaithe i gcur síos	cur síos an- mhaith	cur síos maith	cur síos áirithe	beagán scileanna i gcur síos	fíorbheagán scileanna/ gan aon scileanna i gcur síos
<i>Cruinneas na bhFíricí</i>	níl aon earráid(i) mhór ann	fíorbheagán earráid(i)	beagán earráid(i) mhór	roinnt earráid(i) mhór	tá an-chuid earráidí móra ann	earráid shuntasach (earráidí suntasacha)
40M x2	40 - 34	33 - 28	27 - 22	21 - 16	15 - 10	9 – 0

Déan cur síos ar cad a tharla nuair a theagmhaigh Íosa le bean, teagmháil a bhfuil breacchuntas uirthi i gceann amháin de na Soiscéil seo:

● Soiscéal Eoin ● Soiscéal Lúcáis ● Soiscéal Mharcais ● Soiscéal Mhatha

Critéir mharcála agus pointí tagartha

Léireoidh freagra den scoth eolas faoi amanna a bhuail Íosa le mná sa Scrioptúr Críostaí trí chuntas cruinn a thabhairt ar cad a tharla in aon teagmháil amháin idir Íosa agus bean i gceann de na Soiscéil atá liostaithe sa cheist m.sh.

- Soiscéal Mhatha srl. - tagann Íosa i láthair Mháire Mhaigdiléana in aice leis an tuama i ndiaidh di a thabhairt faoi deara go bhfuil a chorp ar iarraidh; filleann sí ansin leis sin a insint do na deisceabail nach gcreideann í srl.
- Soiscéal Eoin srl. – larrann Íosa ar bhean Samárach ag tobar deoch a thabhairt dó agus tosaíonn sé comhrá ag tabhairt cuireadh di a theachtaireacht a fhógairt do na Samáraigh etc.
- Srl.

Nóta: Ceadaiigh tagairt intuigthe do Shoiscéal amháin atá liostaithe sa cheist.

Cuir Cód MC✓ san imeall clé nuair a thugtar na Critéir Mharcála faoi deara i bhfreagra an iarrthóra den chéad uair.

E (b) (i)	SÁRMHAITH	AN-MHAITH	MAITH	RÉASÚNTA	LAG	DONA
<i>Fianaise ar MC</i> cuntas ar theagmháil amháin idir Íosa agus bean i Soiscéal	fianaise mhór	fianaise an- mhaith	fianaise mhaith	is leor an fhianaise	ní leor an fhianaise	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
